Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13698/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0330(NLE)**

**TRANS 653**
**COWEB 122**
**ELARG 89**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 537 final - IARSCRÍBHINNÍ |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar rialacha riaracháin agus foirne agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach liúntais oideachais agus rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 537 final - IARSCRÍBHINNÍ.

---

Faoi iamh: COM(2022) 537 final - IARSCRÍBHINNÍ

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.10.2022
COM(2022) 537 final

ANNEXES 1 to 3

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar rialacha riaracháin agus foirne agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach liúntais oideachais agus rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil**

**<u>Iarscríbhinn I</u>**

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. 2022/**

**Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an...**

**lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2019/3 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 5 Meitheamh 2019**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 30 de,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal Aonair*

Is mar a leanas a leasaítear Cinneadh Uimh. 2019/3 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 5 Meitheamh 2019:

1. Mar seo a leanas a bheidh ceannteideal 3 d'Iarscríbhinn I, pointe 30, an chéad abairt:

> *Sa nós imeachta roghnúcháin, tacóidh Coiste Roghnúcháin leis an Stiúrthóir, agus beidh ceathrar comhaltaí ar a laghad ar an gcoiste sin: ionadaí amháin ó Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, ionadaí amháin ón Uachtaránacht agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach.*

2. Leasaítear ceannteideal 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Foirne an Chomhphobail Iompair agus is mar seo a leanas a bheidh sé:

> 5. UAIREANTA OIBRE, OBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA AGUS TEILEA-OBAIR

3. Cuirtear Airteagal 5.3 nua le hIarscríbhinn II, Rialachán Foirne an Chomhphobail Iompair agus is mar seo a leanas a bheidh sé:

> *5.3 Teilea-obair*

*Beidh feidhme ag an teilea-obair i gcúinsí eisceachtúla agus ní bheidh feidhm aici ach amháin i gcás inar léir leas agus tosaíochtaí na Rúnaíochta.*

*Is é an Stiúrthóir nó Leas-Stiúrthóir a cheadóidh an teilea-obair.*

*Beidh an teilea-obair teoranta ó thaobh ama agus fad.*

*Eiseoidh an Stiúrthóir rialacha mionsonraithe maidir le teilea-obair laistigh den ghnáthsheachtain oibre.*

4. Mar seo a leanas a bheidh ceannteideal 9 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Foirne an Chomhphobail Iompair:

9. TUARASTAIL, COSTAIS TAISTIL, COSTAIS AISTRITHE AGUS LIÚNTAS OIDEACHAIS

5. Cuirtear Airteagal 9.4 nua le hIarscríbhinn II, Rialachán Foirne an Chomhphobail Iompair agus is mar seo a leanas a bheidh sé:

*9.4 Liúntas oideachais*

*Féadfaidh an Comhphobal Iompair ranníocaíocht a dhéanamh leis an liúntas oideachais le haghaidh leanbh cleithiúnach nó do leanaí cleithiúnacha na mball foirne atá ag freastal ar institiúid oideachais a ghearrann táillí scolaíochta san áit ina bhfuil suíomh na Buanrúnaíochta lonnaithe, i gcomhréir le rialacha mionsonraithe a leagfaidh an Coiste Stiúrtha síos.*

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

**<u>Iarscríbhinn II</u>**

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. 2022/**

**Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an...**

**i dtaca leis na rialacha maidir le liúntas oideachais le haghaidh Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 30 de,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal Aonair*

Leis seo, glactar na rialacha maidir leis an liúntas oideachais le haghaidh Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

**Rialacha maidir le**

**Liúntas oideachais**

**le haghaidh Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair**

**1. Sainmhínithe**

1.1 ciallaíonn ‘Rúnaíocht’ Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

1.2 ciallaíonn ‘Stiúrthóir’ Stiúrthóir na Rúnaíochta.

1.3 ciallaíonn ‘Baill foirne’ oifigigh uile na Rúnaíochta, eadhon an Stiúrthóir agus na Leas-Stiúrthóirí agus gach ball foirne eile de chuid na bPáirtithe Conarthacha, atá ag obair go buan sa Rúnaíocht i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne, cé is moite de na saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus na saineolaithe fostaithe go háitiúil.

1.4 ciallaíonn ‘leanbh cleithiúnach’

leanbh dlisteanach, nádúrtha nó uchtaithe oifigigh, nó a chéile, a bhfuil an ball foirne ag tacú leis iarbhír.

is amhlaidh a bheidh i gcás leanbh a mbeidh iarratas ar uchtú déanta ina leith agus tús curtha leis an nós imeachta um uchtú.

aon leanbh a bhfuil an ball foirne freagrach as tacú leis, faoi chinneadh breithiúnach maidir le mionaoisigh a chosaint.

1.5 tagraíonn ‘Ceanncheathrú’ don áit ina bhfuil suíomh na Rúnaíochta.

1.6 ciallaíonn ‘institiúidí oideachais’ naíolanna, naíscoileanna, institiúidí réamhscoile, bunscoile agus meánscoile, a chuireann curaclaim teagaisc agus teagasc ar fáil.

1.7 ciallaíonn ‘liúntas oideachais’ méid ráta comhréidh chun rannchuidiú le táillí scolaíochta/cláraithe nó le táillí ginearálta don scolaíocht agus don oideachas arna ngearradh ag an institiúid oideachais.

**2. Infheidhmeacht**

2.1 Tá liúntais oideachais infheidhme maidir le gach ball foirne ar na coinníollacha seo a leanas:

tá leanbh cleithiúnach/leanaí cleithiúnacha le baill foirne Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair **cláraithe in Ardrúnaíocht Rialtas Phoblacht na Seirbia** agus,

tá an leanbh cleithiúnach/na leanaí cleithiúnacha **ag freastal ar institiúid oideachais a ghearrann táillí scolaíochta agus atá lonnaithe ag suíomh na Buanrúnaíochta i mBéalgrád.**

2.2 Beidh deireadh leis an teidlíocht sna cásanna seo a leanas:

tráth nach bhfuil an leanbh ag freastal go lánaimseartha a thuilleadh ar institiúid oideachais a ghearrann táillí scolaíochta, nó

tráth a shroicheann an leanbh 18 mbliana d’aois nó

tráth a thagann deireadh le fostaíocht an bhaill foirne.

**3. An liúntas oideachais a íoc**

3.1 Gheobhaidh baill foirne liúntas oideachais le haghaidh gach linbh chleithiúnaigh de réir bhrí phointe 1.4, ar leanaí iad atá faoi bhun 6 bliana d'aois agus atá ag freastal ar naíolann, ar naíscoil nó ar institiúid oideachais réamhscoile. Deonaítear an liúntas réamhscoile seo go dtí an bhliain ina sroicheann an leanbh 6 bliana d'aois (an 6ú bliain san áireamh) nó go dtí go dtosaíonn an páiste ar an mbunscoil.

3.2 Gheobhaidh baill foirne liúntas oideachais le haghaidh gach linbh chleithiúnaigh de réir bhrí phointe 1.4, ar leanaí iad atá ar a laghad 5 bliana d'aois agus atá ag freastal ar naíolanna, ar naíscoileanna nó ar institiúid oideachais réamhscoile go lánaimseartha agus go tráthrialta. A luaithe agus a thosaíonn an leanbh ar an mbunscoil, níl an incháilitheacht don liúntas réamhscoile infheidhme a thuilleadh.

3.3 Cuirfear na míreanna caiteachais seo a leanas san áireamh don liúntas oideachais:

táille/táillí cláraithe scoile/institiúide oideachais nó

táillí ginearálta don scolaíocht agus don oideachas a ghearrann an institiúid oideachais.

**<u>Ní áireofar</u>** sa liúntas oideachais aon chostas a bhaineann go díreach leis an scolaíocht: iompar leanaí, leabhair, béilí, ceachtanna breise, teagascóirí breise, trealamh, scrúduithe nó costais scrúdaithe, costais le haghaidh cúrsaí agus gníomhaíochtaí speisialta (lena n-áirítear trealamh), cúrsaí comhfhreagrais a luaitear in 3.8, ná aon chostas eile atá éagsúil leis na táillí bliantúla scolaíochta nó cláraithe. Tá feidhm ag an teorannú sin freisin maidir le costais eile a bhaineann go hindíreach leis an scolaíocht: creidmheasanna, iasachtaí nó a leithéid a bhféadfadh an ball foirne iarratas a dhéanamh orthu chun na costais scolaíochta a chumhdach.

3.4 Tosóidh an teidlíocht ar liúntas oideachais ar an gcéad lá den mhí ina dtosaíonn an leanbh ag freastal ar an institiúid oideachais mar a dtugtar tuairisc air i bpointe 3.1 agus i bpointe 3.2 agus cuirfear deireadh leis ag deireadh na míosa deireanaí den scoilbhliain ina sroicheann an leanbh 18 mbliana d'aois.

3.5 Is é EUR 285.81/mí an uasteorainn a íocfar maidir le liúntas oideachais **don bhunscoil nó don mheánscoil**, ach is é EUR 102.90/mí an uasteorainn a íocfar maidir le liúntas oideachais **do naíolanna, do naíscoileanna nó d'institiúidí oideachais réamhscoile**.

Ní aisíocfar aon chostas thar na huasteorainneacha sin.

3.6 Déanfar an liúntas oideachais a íoc ach fianaise íocaíochta/sonrasc bunaidh arna (h)eisiúint ag institiúid oideachais na dtáillí clárúcháin/scoile agus doiciméid tacaíochta eile a thíolacadh, lena ndeimhnítear go bhfreastalaíonn an leanbh ar an institiúid oideachais a ghearrann na táillí san áit ina bhfuil suíomh na Rúnaíochta.

Déanfar an íocaíocht, bunaithe ar na **<u>costais a tabhaíodh iarbhír</u>** i ndáil le táillí clárúcháin/scoile agus suas leis na huasteorainneacha de phointe 3.5, mar íocaíocht mhíosúil dar luach aon dóú cuid déag de na costais incháilithe iomlána.

3.7 Má chuirtear isteach ar oideachas an linbh ar feadh 1 scoilbhliain ar a laghad mar gheall ar bhreoiteacht nó ar chúiseanna dosháraithe eile, cuirfear síneadh leis an tréimhse incháilitheachta atá cothrom le tréimhse an idirbhriste.

3.8 Ní bheidh an liúntas oideachais iníoctha i leith cúrsaí comhfhreagrais ná i leith teagasc príobháideach.

3.9 I gcás ina bhfaighidh an leanbh scoláireacht nó maoiniú nó liúntais eile ó fhoinsí eile chun tacú leis an gcostas cláraithe maidir leis an institiúid oideachais, cuirfidh an ball foirne an Rúnaíocht ar an eolas i scríbhinn agus laghdófar an liúntas oideachais agus ríomhfar é bunaithe ar an méid atá fágtha le cumhdach ag an mball foirne.

3.10 Is éard a bheidh sa scoilbhliain an líon laethanta iarbhír idir an chéad lá den téarma tosaigh agus an lá deireanach den téarma deiridh san institiúid oideachais ar a bhfreastalaíonn an leanbh.

3.11 Cuirfear éilimh ar íocaíocht liúntais oideachais faoi bhráid an Stiúrthóra i scríbhinn agus beidh fianaise dhoiciméadach mar a cheanglaítear i bhforáil 3.6. mar thacaíocht leo.

**4. Foráil chríochnaitheach**

4.1 Liúntas oideachais don leanbh cleithiúnach/do na leanaí cleithiúnacha a thosaigh ar an scolaíocht sa bhliain roimh an mbliain a glacadh na rialacha oideachais, aisíocfar é i gcomhréir leis na rialacha oideachais a glacadh agus déanfar an méid sin nuair a thíolacfar an doiciméadacht tacaíochta maidir leis an gcostas a tabhaíodh iarbhír agus suas leis na huasteorainneacha a glacadh.

4.2 Déanfar aon athrú ar an staid oideachais, amhail deireadh an oideachais, briseadh san oideachas agus atosú oideachais tar éis briseadh, athrú scoile etc., a dhearbhú i scríbhinn don Stiúrthóir. Cuirfear an t-athrú i bhfeidhm go cúlghabhálach ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an t-athrú.

4.3 Tá an Stiúrthóir freagrach as na rialacha seo a chur chun feidhme mar is cuí.

4.4 Féadfaidh an Stiúrthóir a mholadh don Choiste Stiúrtha Réigiúnach athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha sin, ag brath ar fhorbairt na bpraghsanna.

**<u>Iarscríbhinn III</u>**

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. 2022/**

**Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an...**

**i ndáil leis na rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 30 de,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal Aonair*

Leis seo glactar na rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

**Rialacha maidir le**

**hIasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil**

**1. Sainmhínithe**

1.1 ciallaíonn 'Rúnaíocht TCT' Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair;

1.2 ciallaíonn 'Stiúrthóir' Stiúrthóir Rúnaíocht TCT;

1.3 ciallaíonn 'Baill foirne' oifigigh uile Rúnaíocht TCT, eadhon an Stiúrthóir, Leas-Stiúrthóir agus gach ball foirne eile de chuid na bPáirtithe Conarthacha, atá ag obair go buan i Rúnaíocht TCT i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne, cé is moite de na saineolaithe ar iasacht agus na saineolaithe fostaithe go háitiúil.

1.4 ciallaíonn 'páirtithe Oirdheisceart na hEorpa' an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia;

1.5 ciallaíonn 'saineolaí ar iasacht' fostaí atá fostaithe ag an bhfostóir bunaidh (iarbhír), ach a sheoltar go sealadach chun seirbhísí a thabhairt do Rúnaíocht TCT.

1.6 ciallaíonn 'Iasacht' fostaí a lonnú go sealadach ó eagraíocht ar leithligh go Rúnaíocht TCT ar feadh tréimhse shonraithe, chun gníomhaíocht shonrach a dhéanamh.

1.7 tagraíonn 'Ceanncheathrú' don áit ina bhfuil suíomh Rúnaíocht TCT lonnaithe.

1.8 ciallaíonn 'institiúidí poiblí iompair' gach comhlacht riaracháin a bhaineann le hiompar ar gach leibhéal stáit, amhail aireachtaí agus eintitis phoiblí agus institiúidí poiblí eile, laistigh de na páirtithe i gConradh TCT.

1.9 ciallaíonn 'TCT' an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

1.10 ciallaíonn 'duine fostaithe go háitiúil' aon saineolaí atá fostaithe ar feadh tréimhse theoranta agus a dhéanann na gníomhaíochtaí go háitiúil in aon tír de pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

**2. Iasachtaí**

2.1 Agus an iasacht á pleanáil, áiritheoidh Rúnaíocht TCT gur príomhphrionsabal treorach iad riachtanais Rúnaíocht TCT, i gcomhréir leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus leis an gClár Oibre Bliantúil arna chomhaontú.

2.2 Tá institiúidí poiblí iompair na bPáirtithe Conarthacha i TCT i dteideal saineolaithe a chur ar iasacht (dá ngairtear saineolaithe ar iasacht anseo feasta) le haghaidh sannadh laistigh de Rúnaíocht TCT.

2.3 Baill foirne atá fostaithe sa riarachán poiblí a bheidh sna saineolaithe ar iasacht, ar fostaithe iad a d'oibrigh dá bhfostóir ar bhonn buan nó ar bhonn conartha ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh a n-iasacht agus a leanfaidh de bheith i seirbhís an fhostóra sin ar feadh na tréimhse iasachta. Beidh 3 bliana ar a laghad de thaithí acu ar fheidhmeanna dlíthiúla, eolaíocha, teicniúla, comhairleacha nó maoirseachta i réimse a bhaineann le hiompar.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 (1999) agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

2.4 Gabhfaidh fostóir an tsaineolaí ar iasacht air féin leanúint de thuarastal an tsaineolaí ar iasacht a íoc agus stádas riaracháin an tsaineolaí ar iasacht a choinneáil ar bun ar feadh na tréimhse iasachta. Leanfaidh fostóir an tsaineolaí ar iasacht de bheith freagrach freisin as cearta sóisialta an tsaineolaí ar iasacht, go háirithe árachas sláinte agus pinsin agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta eile mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht náisiúnta. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh Rúnaíocht TCT an iasacht a fhoirceannadh mar thoradh ar fhoirceannadh nó athrú ar stádas riaracháin an tsaineolaí ar iasacht.

2.5 Beidh an saineolaí ar iasacht ina shaoránach d'aon Bhallstát den Aontas Eorpach nó d'aon Pháirtí Oirdheisceart na hEorpa.

2.6 Ní chumhdaíonn Rúnaíocht TCT aon chostas fostaíochta eile a bhaineann leis an saineolaí ar iasacht, seachas an méid a leagtar síos i bpointe 10.

2.7 Is é suíomh Rúnaíocht TCT i mBéalgrád a bheidh i suíomh na hiasachta.

2.8 Beidh sáreolas ar an mBéarla ag an saineolaí ar iasacht.

2.9 Cuirfidh Stiúrthóir Rúnaíocht TCT an Coiste Stiúrtha Réigiúnach ar an eolas, tríd an tuarascáil oibríochtúil bhliantúil, maidir le staid na himeartha i ndáil leis na hiasachtaí don bhliain roimhe sin.

**3. An nós imeachta roghnúcháin**

3.1 Déanfaidh Rúnaíocht TCT measúnú bliantúil ar a hacmhainneacht riaracháin agus airgeadais maidir leis an líon saineolaithe ar iasacht a bhféadfaí freastal orthu i Rúnaíocht TCT. Saineoidh Rúnaíocht TCT saineolas/próifíl an tsaineolaí ar iasacht is gá, de réir an phlean gníomhaíochtaí a dtugtar tuairisc air sa Chlár Oibre Bliantúil don bhliain áirithe sin. Cinnfear an acmhainneacht airgeadais de réir infhaighteacht an bhuiséid bhliantúil.

3.2 Roghnófar an saineolaí ar iasacht trí nós imeachta oscailte trédhearcach lena n-áirítear painéal roghnúcháin ar a mbeidh ionadaí ón gCoimisiún Eorpach, Cathaoirleach nó Comhchathaoirleach Choiste Stiúrtha Réigiúnach TCT, agus ionadaí ó Rúnaíocht TCT.

3.3 Seolfaidh Rúnaíocht TCT cuireadh chun iarratais ar iasacht a chur isteach i mbliain ar leith chuig páirtithe Oirdheisceart na hEorpa, de réir a n-ord aibítre mar a dtugtar tuairisc air in 1.4, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia, agus an tAontas Eorpach. Iarrfar ar gach páirtí Oirdheisceart na hEorpa agus ar an Aontas gearrliosta a chur isteach le haghaidh agallaimh ina dhiaidh sin leis an bpainéal roghnúcháin, gearrliosta ar a mbeidh beirt iarrthóirí ar a laghad agus triúr iarrthóirí ar a mhéad a chomhlíonann na critéir roghnúcháin.

3.4 Déanfaidh Rúnaíocht TCT an nós imeachta roghnúcháin agus na critéir roghnúcháin a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh.

3.5 I gcás ina dtagann na hiarratais ar iasacht ó Pháirtí Oirdheisceart na hEorpa a bhfuil Uachtaránacht an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh aige, beidh an painéal roghnúcháin comhdhéanta d'ionadaí an Choimisiúin Eorpaigh, Cathaoirleach nó Comhchathaoirleach an chéad Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh eile de chuid TCT, agus ionadaí Rúnaíocht TCT.

3.6 Tar éis togra a fháil ón bPainéal Roghnúcháin, údaróidh Stiúrthóir Rúnaíocht TCT an iasacht

3.7 Leis an iasacht, beidh gá le gníomh ceapacháin ó Stiúrthóir Rúnaíocht TCT agus comhaontú i scríbhinn maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear iasacht, lena n-áirítear an institiúid faoi seach, arb í fostóir foirmiúil an tsaineolaí ar iasacht í. Déanfar an méid sin trí mhalartú litreacha idir Stiúrthóir Rúnaíocht TCT agus Ceann na hinstitiúide a bhfuil an saineolaí ar iasacht á mholadh aici.

**4. Tréimhse iasachta**

4.1 Beidh teorainn 6 mhí leis an tréimhse iasachta.

4.2 Oibreoidh na saineolaithe ar iasacht ar bhonn lánaimseartha ar feadh na tréimhse iasachta.

**5. Cúraimí an tsaineolaí ar iasacht**

5.1 Gheobhaidh na saineolaithe ar iasacht plean oibre ina mbeidh cúraimí agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir, chomh maith le línte tuairiscithe.

5.2 Déanfar gach socrú a bhaineann leis an obair i scríbhinn. Sula gcuirfear tús leis an iasacht, cuirfidh an roinn dá sanntar an saineolaí ar iasacht ar an eolas é mar aon lena fhostóir faoi na dualgais agus na cúraimí atá beartaithe agus iarrfaidh sí orthu a dheimhniú i scríbhinn nach bhfuil aon chúis acu (mar shampla coinbhleacht leasa, nó nach bhfuil siad ag teacht le hinniúlachtaí gairmiúla an tsaineolaí ar iasacht etc.) i gcoinne shannadh na ndualgas agus na gcúraimí sin don saineolaí ar iasacht.

5.3 Ní dhéanfaidh an saineolaí ar iasacht ionadaíocht thar ceann Rúnaíocht TCT ná ní thabharfaidh sé gealltanais, cibé acu gealltanais airgeadais nó gealltanais eile, ná ní rachaidh sé i mbun caibidlíocht le tríú páirtithe, thar ceann Rúnaíocht TCT. Go sonrach, maidir leis an saineolaí ar iasacht:

ní ghabhfaidh sé d’aon ghníomhaíocht lasmuigh den Chomhphobal Iompair le linn na tréimhse iasachta, ar gníomhaíocht é atá ar neamhréir le comhlíonadh cuí a ndualgas nó a d’fhéadfadh coinbhleacht a chruthú idir leasanna pearsanta agus leasanna an Chomhphobail Iompair, nó a d’fhéadfadh damáiste a dhéanamh do chlú an Chomhphobail Iompair.

ní ghabhfaidh sé d’aon ghníomhaíocht íoctha le linn na tréimhse iasachta lasmuigh den Chomhphobal Iompair gan formheas i scríbhinn a fháil roimh ré ón Stiúrthóir.

a bhfuil scair aige, go díreach nó go hindíreach, i gcuideachta atá rannpháirteach in earnáil an iompair, a gcuireann ar a chumas dó tionchar a imirt ar bhainistíocht na cuideachta, cuirfidh sé an méid sin in iúl i scríbhinn don Stiúrthóir.

5.4 Is í Rúnaíocht TCT amháin a bheidh freagrach as torthaí aon chúraim a dhéanann an saineolaí ar iasacht a fhormheas agus as aon doiciméid oifigiúla a eascraíonn as na cúraimí sin a shíniú.

5.5 Gabhfaidh an fostóir agus an saineolaí ar iasacht orthu féin freisin Rúnaíocht TCT a chur ar an eolas faoi aon athrú ar imthosca le linn na hiasachta, go háirithe aon athrú a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le haon choinbhleacht dá sainítear in 5.3.

5.6 Má theipeann ar an saineolaí ar iasacht na cúraimí sannta a chomhlíonadh nó na forálacha faoi 5.3 a chomhlíonadh, beidh Stiúrthóir Rúnaíocht TCT i dteideal, más cuí leis, deireadh a chur leis an iasacht.

5.7. Ag deireadh na hIasachta, déanfaidh an Rúnaíocht agallamh fágála agus cuirfidh sí tuarascáil mheastóireachta ar fáil. Roinnfear an tuarascáil leis an saineolaí ar iasacht agus leis an institiúid a mhol é.

**6. Cearta agus oibleagáidí an tsaineolaí ar iasacht**

6.1 Le linn na tréimhse iasachta:

Is chun leasa Rúnaíocht TCT agus chuige sin amháin a chomhlíonfaidh an saineolaí ar iasacht a dhualgais agus a n-iompróidh sé é féin, de réir aidhmeanna agus spriocanna an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

Ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh an saineolaí ar iasacht treoracha ó aon rialtas, údarás, eagraíocht ná duine lasmuigh de Rúnaíocht TCT.

Comhlíonfaidh an saineolaí ar iasacht na dualgais a shanntar go hoibiachtúil, go neamhchlaonta agus ar bhealach lena gcoinnítear dílseacht do Rúnaíocht TCT.

Staonfaidh an saineolaí ar iasacht ó aon nochtadh neamhúdaraithe faisnéise a fuair sé agus a chúraimí á ndéanamh aige, murab é gur nochtadh an fhaisnéis sin don phobal cheana nó go bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi.

Tá sé de cheart ag an saineolaí ar iasacht tuairimí a nochtadh, ach aird chuí a thabhairt do phrionsabail na dílseachta agus na neamhchlaontachta.

Ní dhéanfaidh an saineolaí ar iasacht aon fhoilsiú ná aon taispeáint phoiblí gan formheas a fháil roimh ré ó Stiúrthóir Rúnaíocht TCT.

Is leis an Rúnaíocht TCT na cearta uile maidir le haon obair a dhéanfaidh an saineolaí ar iasacht i gcomhlíonadh na ndualgas le linn na hiasachta.

Mura gcomhlíontar aon cheann d'fhorálacha na rialacha iasachta seo, beidh Stiúrthóir Rúnaíocht TCT i dteideal iasacht an tsaineolaí ar iasacht a fhoirceannadh.

**7. Iasacht a chur ar fionraí**

7.1 Arna iarraidh sin i scríbhinn ag an saineolaí ar iasacht nó ag a fhostóir, agus le comhaontú an fhostóra, féadfaidh Stiúrthóir Rúnaíocht TCT fionraí tréimhsí iasachta a údarú agus na téarmaí is infheidhme a shonrú. Le linn fionraí den sórt sin, ní bheidh na liúntais chothaithe a fhorordaítear leis na rialacha iasachta iníoctha.

**8. Tréimhsí iasachta a fhoirceannadh**

8.1 Féadfar an iasacht a fhoirceannadh sna cásanna seo a leanas:

féadfaidh fostóir an tsaineolaí ar iasacht í a fhoirceannadh, más gá sin ar mhaithe le leasanna bunúsacha an fhostóra;

féadfaidh Stiúrthóir Rúnaíocht TCT agus an fostóir ag gníomhú dóibh go comhpháirteach í a fhoirceannadh, arna iarraidh sin ag an saineolaí ar iasacht a dhíreofar chuig an dá pháirtí, más gá sin mar gheall ar leasanna pearsanta nó gairmiúla an saineolaí ar iasacht;

féadfaidh Stiúrthóir Rúnaíocht TCT í a fhoirceannadh i gcás nach gcomhlíonfaidh na saineolaithe ar iasacht nó a bhfostóir na dualgais agus na cúraimí a shanntar agus/nó na rialacha iasachta a chomhlíonadh. Cuirfidh Rúnaíocht TCT an méid sin in iúl láithreach don saineolaí ar iasacht agus dá fhostóir, dá réir sin;

I gcás ina bhfoirceanntar nó ina n-athraítear stádas riaracháin an fhostaí.

8.2 Beidh an foirceannadh faoi réir fógra míosa.

**9. Slándáil shóisialta an tsaineolaí ar iasacht**

9.1 Sula dtosaíonn an tréimhse iasachta, deimhneoidh fostóir an tsaineolaí ar iasacht go bhfanfaidh an saineolaí ar iasacht, ar feadh na tréimhse iasachta, faoi réir árachas sláinte agus

pinsin agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta eile a cheanglaítear le reachtaíocht náisiúnta an fhostóra, agus deimhneoidh sé freisin an fhreagracht atá air maidir le costais ghaolmhara a thabhaítear thar lear.

9.2 Ón lá a chuirfear tús leis an iasacht, beidh an saineolaí ar iasacht faoi árachas in aghaidh an riosca galair ceirde nó tionóisce a bheidh inchurtha i leith comhlíonadh dualgas oifigiúil ag Rúnaíocht TCT, i gcomhréir leis na Rialacha maidir le ranníocaíocht an Chomhphobail Iompair le hárachas sláinte, dífhostaíochta, pinsin agus míchumais le haghaidh fhoireann Rúnaíocht TCT an Chomhphobail Iompair, airteagal 4.

**10. Liúntais chothaithe don saineolaí ar iasacht**

10.1 Beidh an saineolaí ar iasacht i dteideal liúntas cothaithe laethúil (DSA) in aghaidh an lae féilire ar feadh na tréimhse iasachta.

10.2 Is é is cuspóir don liúntas cothaithe laethúil na costais uile ag suíomh na hiasachta a chumhdach. Beidh an liúntas cothaithe laethúil iníoctha as gach lá féilire den mhí, lena n-áirítear tréimhsí misin, saoire bhliantúil, saoire speisialta agus laethanta saoire a dheonaíonn Rúnaíocht TCT.

Déanfar an liúntas cothaithe laethúil a íoc le cuntas bainc an tsaineolaí ar iasacht.

I gcás neamhláithreacht neamhúdaraithe, ní íocfar liúntais cothaithe laethúil leis an saineolaí ar iasacht, agus féadfaidh Stiúrthóir Rúnaíocht TCT a chinneadh an iasacht a fhoirceannadh

10.3 EUR 91,28 a bheidh sa ráta liúntais cothaithe laethúil.

10.4 Roimh an iasacht, deimhneoidh an fostóir do Rúnaíocht TCT go gcoinneoidh sé leibhéal an luacha saothair a bhí á fháil ag an saineolaí ar iasacht ar bun tráth na hiasachta le linn na hiasachta.

10.5 Ní ghabhfaidh an saineolaí ar iasacht d'aon ghníomhaíocht íoctha lasmuigh de Rúnaíocht TCT le linn na hiasachta.

10.6 Nuair a thosaíonn an saineolaí ar iasacht, déanfar an chéad 45 lá de na liúntais chothaithe a bhfuil an saineolaí ar iasacht ina dteideal a thabhairt ar airleacan i bhfoirm cnapshuime. I gcás iasachtaí a thosóidh ar an gcéad lá den mhí, íocfar an chnapshuim sin faoin 25ú lá den mhí. I gcás iasachtaí a thosóidh ar an 16ú lá den mhí, íocfar an chnapshuim sin faoin 10ú lá den mhí ina dhiaidh sin. Má thagann deireadh leis an iasacht i rith na chéad 45 lá, tabharfaidh an saineolaí ar iasacht an méid a chomhfhreagraíonn don chuid eile den tréimhse sin ar ais.

10.7 Ní bheidh saineolaithe ar iasacht, ná a gcleithiúnaithe, i dteideal aon sochair, liúntais ná cúitimh eile amhail costais taistil agus athshuímh ar dhul i mbun dualgas dóibh agus ar fhoirceannadh seirbhíse, ranníocaíocht leis an árachas sláinte, dífhostaíochta, pinsin agus míchumais, liúntas oideachais, etc., seachas na cinn a shonraítear sna rialacha iasachta seo.

**11. Forálacha ginearálta is infheidhme maidir leis an saineolaí ar iasacht**

11.1 Beidh na huaireanta oibre le haghaidh saineolaithe ar iasacht i gcomhréir le hAirteagal 5 de na Rialacháin Foirne.

11.2 Ní féidir saoire bhreoiteachta dul thar thréimhse iasachta an duine lena mbaineann.

11.3 Beidh na rialacha atá i bhfeidhm ag Rúnaíocht TCT maidir le saoire bhliantúil, saoire speisialta, saoire bhreoiteachta, saoire mhéala infheidhme maidir le saineolaithe ar iasacht[1].

[1] Rialacháin Foirne TCT: https://www.transport-community.org/wp-content/uploads/2019/11/transport-community-staffrules_annexe2.pdf

11.4 Ní chuirfear san áireamh aon saoire nár úsáideadh leis an bhfostóir roimh thús na hiasachta ná ní chuirfear ar fáil í nuair a thabharfar ar iasacht é chuig Rúnaíocht TCT.

11.5 Le linn na hiasachta, beidh saoire faoi réir údarú roimh ré ón roinn a bhfuil an saineolaí ar iasacht sannta di chomh maith le Bainistíocht Rúnaíocht TCT.

11.6 Forghéillfear laethanta saoire bliantúla nach nglactar faoi dheireadh na tréimhse iasachta.

11.7 Féadfaidh Rúnaíocht TCT saineolaithe ar iasacht a chur ar mhisean. Déanfar costais mhisin a aisíoc i gcomhréir leis na rialacha taistil le haghaidh fhoireann an Chomhphobail Iompair.

11.8 Beidh saineolaithe ar iasacht i dteideal freastal ar chúrsaí oiliúna a eagraíonn Rúnaíocht TCT, má tá siad chun leasa Rúnaíocht TCT.

11.9 Síneoidh saineolaithe ar iasacht dearbhú nach bhfuil coinbhleacht leasa ná rúndacht ann sula rachaidh siad i mbun a gcuid oibre.

11.10 Ní bheidh an caidreamh idir an Comhphobal Iompair agus an saineolaí ar iasacht faoi rialú dhlí na Seirbia ná dlí aon dlínse áitiúla eile, ach beidh sé faoi rialú na Rialachán Foirne agus Chomhaontú Ceanncheathrún Rúnaíocht TCT.

11.11 Ní bheidh an Comhphobal Iompair faoi dhliteanas i leith aon ranníocaíocht le córais slándála sóisialaí, árachais ná aon socrú eile a rinne nó a d'iarr an saineolaí ar iasacht ina cháil phearsanta.

11.12 Cuirfidh saineolaithe ar iasacht deimhniú i scríbhinn faoina gcumhdach árachais sláinte agus pinsin faoi bhráid Rúnaíocht TCT sula rachaidh siad i mbun oibre.

11.13 Ní bheidh aon éileamh ag saineolaithe ar iasacht ar fhostaíocht maidir le Rúnaíocht TCT.

11.14 I gcás díospóide idir Rúnaíocht TCT agus an saineolaí ar iasacht, beidh feidhm ag Airteagal 14 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair.

**12. Saineolaithe fostaithe go háitiúil**

12.1 Féadfaidh an Stiúrthóir duine fostaithe go háitiúil a fhostú faoi ráta in aghaidh na huaire ('saineolaí fostaithe go háitiúil'), le haghaidh Rúnaíocht TCT nó le haghaidh pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa, faoi réir na gcoinníollacha carnacha seo a leanas:

an gá le tacaíocht bhreise riaracháin nó le tacaíocht shaineolach a bhaineann le cur chun feidhme an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

a bhfuil easpa cumais nó eolais ann ina leith

ar feadh tréimhse theoranta

infhaighteacht an bhuiséid

12.2 Fostófar saineolaithe fostaithe go háitiúil trí bhíthin comhaontú seirbhíse lena gcinnfear an ráta in aghaidh na huaire, tuairisc ar na cúraimí sannta, an tréimhse rannpháirtíochta agus na hoibleagáidí rúndachta. Ní bheidh an comhaontú seirbhíse faoi rialú dhlí na Seirbia ná dlí aon dlínse áitiúla eile.

12.3 Roghnófar saineolaithe fostaithe go háitiúil trí nós imeachta trédhearcach faoi stiúir Rúnaíocht TCT agus déanfar iad a úsáid ar bhonn *ad hoc*. Ní fhéadfar saineolaithe fostaithe go háitiúil a úsáid ar feadh níos mó ná 320 uair oibre in aghaidh na bliana. In aon chás, níor

cheart teacht timpeall ar na Rialacha Earcaíochta a bheith mar thoradh ar úsáid duine fostaithe go háitiúil. Is féidir le Rúnaíocht TCT nó le páirtithe Oirdheisceart na hEorpa duine amháin fostaithe go háitiúil ar a mhéad a fhostú in aghaidh na bliana.

12.4 Ní mheasfar gur baill foirne ná oifigigh de chuid Rúnaíocht TCT iad saineolaithe fostaithe go háitiúil agus ní bheidh siad faoi rialú na Rialachán Foirne ná Chomhaontú Ceanncheathrún an Chomhphobail Iompair.

12.5 Ní bheidh saineolaithe fostaithe go háitiúil, ná a gcleithiúnaithe, i dteideal aon sochair, liúntais ná cúitimh eile seachas an ráta in aghaidh na huaire a chomhaontaítear agus a áirítear sa chomhaontú seirbhíse.

12.6 Ní bheidh aon éileamh ag saineolaithe fostaithe go háitiúil ar fhostaíocht maidir le Rúnaíocht TCT an Chomhphobail Iompair.

**13. Forálacha críochnaitheacha**

13.1 Tá an Stiúrthóir freagrach as na rialacha seo a chur chun feidhme mar is cuí.

13.2. Beidh feidhm ag na rialacha seo ón gcéad lá den mhí féilire tar éis a nglactha.

13.3 Féadfaidh an Stiúrthóir a mholadh don Choiste Stiúrtha Réigiúnach athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha seo má thagann imthosca réasúnta chun cinn.